Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11135/26**

**ECOFIN 925**
**UEM 329**
**SOC 454**
**EMPL 256**
**COMPET 869**
**ENV 845**
**EDUC 311**
**ENER 467**
**JAI 905**
**GENDER 142**
**JEUN 185**
**SAN 543**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Rómáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 223 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Rómáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an Rómáin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

[3] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[4]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Rómáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Rómáin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Rómáin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Rómáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú ar an Rómáin faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Rómáine, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 20 Bealtaine 2026[5]. An 3 Meitheamh 2026, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha fós ag an Rómáin. Go háirithe, tá laghdú tagtha ar leochaileachtaí a bhaineann le heasnaimh fhioscacha agus easnaimh sa chuntas reatha le déanaí ach tá siad fós suntasach, agus tá an t-iomaíochas costais ina dhúshlán i gcónaí. Thit an t-easnamh rialtais in 2025 mar thoradh ar iarrachtaí comhdhlúthaithe marcáilte; meastar go dtiocfaidh laghdú breise ar an easnamh in 2026 agus 2027, ach bheadh an t-easnamh fós mór. Tá nasc suntasach ann i gcónaí idir na bainc agus an fiachas ceannasach ós amhlaidh go bhfuil an sciar de shócmhainní iomlána na mbanc Rómhánach ar bannaí rialtais intíre iad ar an sciar is airde san Aontas, agus mhéadaigh an sciar sin in 2025. Níor tháinig ach feabhas beag ar an easnamh sa chuntas reatha in 2025 agus meastar go leanfaidh sé de bheith ag laghdú, cé go bhfuil sé mór i gcónaí. Tháinig moill shuntasach ar chostais aonad saothair in 2025 tar éis fás an-láidir sna blianta roimhe sin, ach meastar go dtiocfaidh fás níos tapúla orthu fós ná mar a thiocfaidh sa chuid is mó den Aontas. Bhí an croí-bhoilsciú ar an leibhéal ab airde san Aontas le blianta beaga anuas – níl méaduithe ar rátaí CBL in 2025 ina gcúis ach le cuid de sin – agus meastar go leanfaidh sé de bheith ard. Rinneadh dul chun cinn suntasach ó thaobh beartais de in 2025, go háirithe maidir leis an easnamh buiséid a laghdú a bhuí le reo 2 bhliain ar phá agus ar phinsin rialtais, agus le méaduithe ar rátaí CBL agus ar chánacha eile. Ag féachaint chun cinn, gan comhdhlúthú fioscach láidir breise, arna chomhlánú le beartais ioncaim stuama agus athchóirithe struchtúracha éifeachtacha, tá an Rómáin fós neamhchosanta ar rátaí úis atá ag ardú agus ar athruithe ar mhuinín infheisteoirí.

[5] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Grinn-athbhreithniú ar an Rómáin arna ullmhú faoi Rialachán 1176/2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, SWD(2026)141 final.

(7) An 8 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle Moladh athbhreithnithe faoi Airteagal 126 CFAE d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin[6]. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 2,8 % in 2025, 2,6 % in 2026, 4,6 % in 2027, 4,4 % in 2028, 4,2 % in 2029 agus 4,0 % in 2030, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 2,8 % in 2025, 5,5 % in 2026, 10,4 % in 2027, 15,2 % in 2028, 20,1 % in 2029 agus 24,9 % in 2030. An chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh sin, tagann sí in ionad na n-uasrátaí fáis glanchaiteachais a bunaíodh leis an Moladh an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Rómáine[7][8]. Ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[9], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Rómáin ar stad.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025[10].

---

6 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Rómáin, a glacadh an 8 Iúil 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na Rómáine um easnamh iomarcach ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/romania_ga.

7 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine (IO C/2025/251, 10.2.2025, Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine).

8 Tá feidhm fós ag pointe 2 agus Iarscríbhinn II ('Sraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana') de Mholadh an 21 Eanáir 2025.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

(9) An 4 Bealtaine 2026, chuir an Rómáin a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026[11] isteach, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Rómáine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

(10) In 2025, ba é 0,7 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 6,8 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,1 % in 2026 agus faoi 2,3 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 7,0 % ann in 2026 agus 3,7 % in 2027.

---

[11] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[12], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Rómáine ó easnamh 9,3 % de OTI in 2024 go heasnamh 7,9 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 tionchar roinnt pacáistí comhdhlúthaithe fhioscaigh a glacadh idir mí na Nollag 2024 agus mí Dheireadh Fómhair 2025. I mí na Nollag 2024, ghlac an Pharlaimint bearta lena n-áirítear reo ainmniúil ar phá poiblí agus ar phinsin phoiblí in 2025, agus bearta ginte ioncaim ar fiú 0,3 % de OTI iad. I mí Iúil 2025, ghlac an Pharlaimint bearta breise um chomhdhlúthú fioscach, lena gcuimsítear méaduithe móra ar ioncam cánach (méadú ar rátaí CBL, bonn na ranníocaíochtaí sláinte a leathnú, méaduithe ar mháil, agus ráta cánach díbhinne níos airde) agus síneadh a chur leis an reo ainmniúil ar phá agus ar phinsin go 2026. I mí Mheán Fómhair 2025, ghlac an Pharlaimint méadú freisin ar chánachas athfhillteach ar réadmhaoin chónaithe agus ar chánacha comhshaoil. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 6,2 % de OTI in 2026 agus 5,8 % de OTI in 2027. Den chuid is mó, is léiriú é an laghdú in 2026 ar thionchar na mbeart a dtugtar tuairisc orthu thuas ar feadh na bliana iomláine. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2027 an laghdú réamh-mheasta ar infheistíocht phoiblí tar éis dheireadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá na dálaí fioscacha sa Rómáin fós leochaileach. I bhfianaise na staide polaitiúla atá ann faoi láthair, tá éiginnteacht shuntasach fós ag baint leis an measúnú sin agus tugtar le tuiscint leis go bhfuil rioscaí cur chun feidhme ann don choigeartú fioscach atá fós riachtanach in 2026 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

[12] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[13], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, chrap sí faoi 2,2 % de OTI in 2025. Réamh-mheastar go gcrapfaidh sí faoi 2,5 % de OTI in 2026 agus faoi 0,7 % de OTI, in 2027.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[14], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Rómáine ó 54,8 % de OTI ag deireadh 2024 go 59,3 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2026 easnaimh phríomhúla rialtais an-ard agus méadú tuartha ar íocaíochtaí úis. Ar bhonn bearta beartais arna n-aithint ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 61,6 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 63,4 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú in 2026 agus 2027 na heasnaimh phríomhúla rialtais arda le linn na tréimhse.

(14) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[15], 1,5 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Rómáine ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 1,7 % de OTI a bheidh sa chaiteachas sin in 2026 agus gurb é 1,8 % de OTI a bheidh ann in 2027[16].

---

[13] Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

[14] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

[15] Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

[16] Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an Rómáin chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[17]. Ar na bearta sin tá laghdú neamh-spriocdhírithe ar dhleachtanna máil ar tháirgí díosail go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2026 agus státchabhair spriocdhírithe d'fheirmeoirí agus do roinnt corparáidí arna buiséadú go dtí mí Mheán Fómhair 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é níos lú ná 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,1 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa Rómáin faoi 0,5 % in 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Rómáin faoi 1,8 % in 2026 agus gur fás carnach 2,3 % a bheidh ann in 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

[17] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(18) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Rómáine, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis a chuir an Rómáin ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Tá obair ullmhúcháin ar athchóiriú chóras luacha saothair na hearnála poiblí ar siúl ar an leibhéal teicniúil, agus meastar go nglacfar Dlí nua le linn shamhradh 2026. Ní mór roinnt bearta breise a dhéanamh i réimse an riaracháin cánach, go háirithe chun bearna chomhlíontachta CBL an-ard na Rómáine a laghdú. Tá tuilleadh oibre ar bun freisin ar an athchóiriú ar chánachas maoine, lena n-áirítear forbairt an chórais TF le haghaidh an mheasúnaithe uathoibrithe maoine, oibríochtú an struchtúir speisialaithe chun faireachán a dhéanamh ar chórais caiteachais phoiblí, agus an t-athchóiriú ar mhaoiniú gnó. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Rómáin a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán[18].

(19) Bheadh sé an-tairbheach nósanna imeachta buiséadacha a neartú as a dtiocfadh rialú níos fearr ar infheistíocht phoiblí chun an t-easnamh fioscach sa Rómáin a rialú. Le blianta beaga anuas, tá claonadh ann róchaiteachas a dhéanamh i gcomparáid le pleananna buiséid mar gheall ar easpa comhordaithe idir aireachtaí líne atá i gceannas ar na hinfheistíochtaí agus an Aireacht Airgeadais. Dá mbeadh doiciméad pleanála infheistíochta ann ina léireofaí na gealltanais infheistíochta uile sa mheántéarma, lena n-áirítear a gceanglais chaipitil saolré, thabharfaí soiléireacht maidir le ceanglais chistiúcháin agus infhaighteacht an chistiúcháin tar éis na bliana airgeadais bliantúla. Thairis sin, tá sásraí chun tacú le hinfhaighteacht cistiúcháin tar éis na bliana airgeadais bliantúla agus srianta maidir le cistí a atreorú chun críoch eile in easnamh. Cuireann an staid fhoriomlán sin le heasnaimh fhioscacha bhliantúla atá níos airde ná mar a bhí coinne leis. Ba cheart bailiú cánach a mhéadú freisin, go háirithe trí na bearnaí atá ann maidir le CBL agus cáin ioncaim chorparáideach (CIC) a dhúnadh, ar fiú 30 % agus 44 % iad faoi láthair, faoi seach, agus arb iad na luachanna is airde san Aontas iad. Sa mheántéarma, agus i gcomhréir leis an inbhuanaitheacht fhioscach, b'iomchuí machnamh a dhéanamh ar an ding chánach a laghdú le haghaidh saothraithe ar phá íseal, a bhfuil ualach réasúnta ard orthu faoi láthair.

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(20) Na hathchóirithe pinsean ginearálta agus speisialta a chuirtear chun feidhme, tá siad fíor-riachtanach chun an t-airgeadas poiblí a chosaint agus chun cothromas chóras pinsin na Rómáine a áirithiú. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí ar son na hinbhuanaitheachta fioscaí, lena n-áirítear maidir le hathchóiriú pá san earnáil phoiblí a dhearadh agus a chur chun feidhme.

(21) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá an rannpháirtíocht sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(22) Sa Rómáin, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na mbeartas a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Rómáin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais comhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá an cur chun feidhme a neartú a thuilleadh i roinnt réimsí, lena n-áirítear tionchair shóisialta agus eacnamaíocha dhícharbónú agus aistriú cóir an gheilleagair a mhaolú, agus aird ar leith a thabhairt ar na críocha is mó a ndéanann an t-aistriú sin difear dóibh. Ní mór don Rómáin dlús a chur le cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Rómáin ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[19], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

19 Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(23) Tá dúshláin roimh réigiúin thoir na Rómáine a chuireann bac ar a n-ionchais don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta toisc gur measa na dúshláin struchtúracha atá ann cheana. De dheasca thionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, méadaítear an brú slándála, cuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha trasteorann agus laghdaítear tarraingteacht na hinfheistíochta.

(24) Tá roinnt dúshlán roimh an Rómáin a bhaineann le cáilíocht agus éifeachtacht a riaracháin phoiblí, tionscadail mhóra a ullmhú agus tosaíocht a thabhairt dóibh, an geilleagar agus táirgeadh fuinnimh a dhícharbónú, cosaint shóisialta agus rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus ganntanais scileanna, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

(25) Tá riarachán poiblí lag agus institiúidí laga fós ag cur isteach ar an timpeallacht ghnó. Cé go bhfuil creat foirmiúil i bhfeidhm chun reachtaíocht ardcháilíochta a fhorbairt, tá easpa comhsheasmhachta ina cur chun feidhme. Tá easnaimh fós ann maidir le comhairliúcháin phoiblí agus measúnuithe tionchair, arb easnaimh iad a bhíonn foirmiúil go minic. Cuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus gnólachtaí ábhair imní in iúl fós faoi chomhairliúcháin phoiblí a bhfuil spriocdhátaí an-docht ag baint leo agus an aird bheag a thugtar ar a mbarúlacha. Bhainfeadh comhairliúcháin phoiblí tairbhe as rannpháirtíocht níos luaithe na bpáirtithe leasmhara sa timthriall beartais, agus d’fhéadfaí cáilíocht na reachtaíochta a fheabhsú dá neartófaí cumas na státseirbhíseach measúnuithe tionchair rialála agus meastóireachtaí *ex post* a dhréachtú. Tá intuarthacht na cinnteoireachta agus na deimhneachta dlíthiúla fós ina dúshlán mór mar gheall ar an úsáid a bhaintear go minic as reachtanna éigeandála rialtais sa phróiseas reachtach. Thairis sin, tá an Rómáin i measc na ngníomhaithe is laige maidir leis an ualach rialála agus measann 66 % de chuideachtaí go bhfuil rialáil gnó ina bac ar infheistíocht fhadtéarmach. D’ainneoin feabhsuithe a bheith déanta, tá infhaighteacht seirbhísí poiblí digiteacha do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair i bhfad faoi bhun mheáin an Aontais (55 % vs AE: 86 %; 63 % vs AE: 82 %). Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun idir-inoibritheacht a áirithiú ar gach leibhéal rialtais, caighdeáin seirbhíse níos soiléire a leagan síos agus trédhearcacht agus eispéireas úsáideoirí a fheabhsú le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha. Ba le leas na Rómáine é an creat rialachais chorparáidigh d’fhiontair faoi úinéireacht stáit a chur chun feidhme ar bhealach níos láidre, lena n-áirítear maidir le trédhearcacht agus iomaíocht leordhóthanach i gceapacháin bhoird, sainorduithe comhsheasmhacha, agus úsáid luacha saothair bunaithe ar fheidhmíocht.

(26) D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh in 2025, léiríonn moilleanna athfhillteacha ar chur chun feidhme chláir an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, laigí leanúnacha i gcumas an riaracháin phoiblí tionscadail chasta a phleanáil, a eagrú agus a chur chun feidhme. Tá an iomaíocht sa soláthar poiblí teoranta, tá easnaimh sa phleanáil agus in ullmhú tairiscintí leanúnach agus tá an soláthar poiblí fós ina réimse ardriosca ó thaobh an éillithe agus na calaoise de. Cuirtear bac ar chur chun feidhme beartas maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus infheistíochtaí i mbonneagar comhshaoil, go háirithe i mbainistiú agus athléimneacht uisce, i mbainistiú dramhaíola agus sa gheilleagar ciorclach, agus i réitigh dhúlrabhunaithe, mar gheall ar easpa saineolais agus acmhainní, ar gach leibhéal rialachais chríochaigh, chomh maith le laigí sistéamacha i nósanna imeachta rialachais agus riaracháin, i bpleanáil straitéiseach, i bhforfheidhmiú agus i mbailiú sonraí. An tráth céanna, tá brú fós ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear éiceachórais mhuirí. Tá bearnaí móra fós sa bhonneagar iarnróid agus bóithre (lena n-áirítear a n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide), sa nuachóiriú rothstoic, sa nascacht i gceantair iargúlta agus sa nascacht trasteorann lena mbaineann cur chun feidhme míchothrom TEN-T, tá athnuachan an fhlít feithiclí fós mall agus tá torthaí sábháilteachta ar bhóithre fós i measc na dtorthaí is laige san Aontas. Dá dtabharfaí aghaidh ar na riachtanais infheistíochta sin, thacófaí leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an gcóineasú críochach, ós amhlaidh go bhfuil éagothromaíochtaí suntasacha fós ann idir na réigiúin agus laistigh de na réigiúin freisin, lena n-áirítear réigiún na príomhchathrach. Cé go ndearnadh roinnt beart chun infheistíochtaí príobháideacha a chothú, d'fhéadfaí rochtain gnólachtaí ar mhaoiniú bainc agus ar mhaoiniú eile nach é a leathnú, go háirithe le haghaidh FBManna, ós rud é go bhfuil rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola agus institiúideacha sna margaí caipitil fós íseal agus go bhfuil an litearthacht airgeadais lag. Tá caiteachas poiblí agus gnó araon sa taighde agus nuálaíocht i measc na gcinn is ísle san Aontas, agus ní mór gairmeacha taighdeoirí agus comhar idir an lucht gnó agus an lucht acadúil (agus aistrithe teicneolaíochta ina dhiaidh sin) a neartú. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta sin, ba le leas na Rómáine é acmhainneacht riaracháin a threisiú ar gach leibhéal rialtais.

(27) Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an Rómáin maidir lena meascán fuinnimh a dhícharbónú –- go háirithe trí acmhainneacht ghualbhreoslaithe agus lignítadhainte a dhíchoimisiúnú faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta – tá gá le hiarrachtaí breise chun an t-aistriú fuinnimh a choinneáil ar bun. Tá córas fuinnimh na tíre fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, rud a shocraíonn an praghas ard leictreachais sa mhargadh go minic. Dá gcuirfí deireadh le húsáid guail de réir a chéile agus dá gcuirfí srian le húsáid gáis nádúrtha trí roghanna malartacha níos glaine a chur ina n-ionad, chosnófaí geilleagar na Rómáine ar bhealach níos fearr ar shuaitheadh praghsanna breoslaí iontaise amach anseo, mhéadófaí slándáil an tsoláthair fuinnimh, agus rachadh sé chun tairbhe don iomaíochas ar deireadh trí phraghsanna fuinnimh níos ísle.

(28) Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a leathnú le blianta beaga anuas, agus tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta arb é is aidhm dóibh an creat rialála a athchóiriú chun tús áite a thabhairt d’úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh. Mar sin féin, tá na dúshláin a sainaithníodh in 2025 fós ann. Tá bacainní iolracha roimh an Rómáin maidir le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh, mar atá timpeallacht rialála dhothuartha, éiginnteacht praghsanna, ceadú anásta agus rialacha doiléire maidir le húsáid talún, go háirithe. Tá gá le hinfheistíochtaí breise chun solúbthacht an chórais a fheabhsú, agus aird á díriú go háirithe ar bhonneagar na heangaí agus ar athchóirithe rialála chun nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú agus chun glacadh fuinnimh in-athnuaite breise a éascú. Tá an Rómáin ar an mbóthar ceart chun an sprioc maidir le hidirnasc trasteorann 15 % le haghaidh 2030 a bhaint amach, ach níl a hacmhainneacht leordhóthanach go fóill, agus tá an dul chun cinn mall. Tá deis ann tuilleadh comhordaithe a dhéanamh le tíortha comharsanachta (an Bhulgáir, an Ungáir, an Mholdóiv, an Úcráin) chun comhtháthú an mhargaidh sa réigiún a fheabhsú a thuilleadh.

(29) Tá an Rómáin fós ag déanamh fóirdheonú ar bhreoslaí iontaise, agus tá earnáil an téimh, atá ag brath go mór ar ghás, fós gan athchóiriú den chuid is mó. Mar sin féin, toisc nach ann faoi láthair do chonair shoiléir chun deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais sin roimh 2030, tá an leictriú á dhíspreagadh agus tá bac á chur ar dhícharbónú an mheascáin fuinnimh. Tá sé thar a bheith tábhachtach deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe, agus/nó nach bhfreagraíonn fíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh. Mar gheall ar chóimheas praghsanna neamhfhabhrach idir leictreachas agus gás (a gcuireann fóirdheontais breoslaí iontaise leo go páirteach), tá sciar an leictreachais i dtomhaltas fuinnimh marbhánta den chuid is mó le 10 mbliana anuas. Bíonn tionchar ag praghsanna arda fuinnimh ar thionscail dianfhuinnimh agus ar an iomaíochas. Is iad próisis lena mbaineann solúbthacht theoranta (e.g. cruach/alúmanam, stroighin, gloine) is mó atá in earnáil na tionsclaíochta, rud a chuireann srian ar an bhfreagairt ó thaobh éilimh de. Thairis sin, i bplean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcláir beartais comhtháthaithe na Rómáine, tá roinnt infheistíochtaí móra maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i dtithíocht agus i bhfoirgnimh phoiblí, ach tá an dul chun cinn mall agus tá saincheisteanna cáilíochta tithíochta fós ann. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí beartais chun dlús a chur le húsáid acmhainneachta nua giniúna in-athnuaite, chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun go bhféadfaí an tionscal trom a dhícharbónú, agus chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, go háirithe in earnáil an iompair agus sa stoc foirgneamh.

(30) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Rómáin in 2026, d’fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(31) Tá rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair i measc na rannpháirtíochta is ísle san Aontas (57,8 % vs AE: 71,1 %). Bíonn deacrachtaí ag daoine óga dul i mbun fostaíocht fhoirmiúil, ós rud é go raibh an dífhostaíocht i measc na hóige i measc na rátaí is airde san Aontas, agus go bhfuil an ráta daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) i bhfad níos airde ná meán an Aontais (19,2 % vs AE: 11,0 %). Ina theannta sin, tá deiseanna fostaíochta teoranta fós ann do dhaoine faoi mhíchumas toisc go bhfuil an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas i bhfad os cionn mheán an Aontais agus go bhfuil a rannpháirtíocht i margadh an tsaothair ag deireadh a ngairmréime ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas. Dá méadófaí rannpháirtíocht na mban, daoine óga agus daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair, d’fhéadfaí éifeachtaí díobhálacha déimeagrafacha a mhaolú tríd an lucht saothair atá ar fáil a mhéadú agus trí thacú leis an bhforbairt eacnamaíoch. Bheadh sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le héifeachtacht na mbeart gníomhachtúcháin, clárú teoranta leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois in oideachas agus i gcúram na luath-óige (11,4 % vs AE: 39,2 %), go háirithe i gceantair thuaithe, agus inrochtaineacht agus oiriúnú an ionaid oibre do dhaoine faoi mhíchumas chun tacú lena gcuimsiú i margadh an tsaothair. Ina theannta sin, is sa Rómáin atá ceann de na rátaí is airde bochtaineachta lucht oibre (10,7 % de dhaoine fostaithe i gcomparáid le 8,3 % san Aontas in 2025), arbh iad daoine féinfhostaithe is mó is bonn leis sin, d’ainneoin laghdú seasta a bheith ag teacht ar an ráta sin ó bhí 2016 ann, nuair a bhí sé ag 18,6 %. Ag an am céanna, tá an meán-fhíorphá ag fás go substaintiúil le linn na tréimhse céanna. D’fhéadfadh an Rómáin machnamh a dhéanamh ar fheabhas a chur ar spriocdhíriú, ar chistiú agus ar éifeachtacht beart gníomhachtúcháin i margadh an tsaothair agus ar an bhfócas a aistriú ó fhóirdheontais fostaíochta go hoiliúint, for-rochtain agus digiteáil seirbhísí.

(32) Tá athchóirithe móra ar an oideachas agus scileanna tugtha isteach ag an Rómáin chun tacú le forbairt scileanna. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, tá dúshláin fós ann maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú, bunscileanna agus bunscileanna digiteacha a fheabhsú, éifeachtacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú, agus torthaí oideachais a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair. Tá sciar na ndaoine fásta óga a d'fhág an t-oideachas agus an oiliúint go luath fós an-ard i gcoinne laghdú seasta ar leibhéal an Aontais, agus tá sé níos airde fós i gceantair thuaithe (23,7 % i gcomparáid le 4,6 % i gcathracha), i mbailte agus i mbruachbhailte, agus i measc na Romach agus daoine faoi mhíchumas. Cuireann bunscileanna ísle i measc Rómánaigh óga bac ar iomaíochas agus ar fhorbairt caipitil dhaonna, ós rud é nach mbaineann os cionn 40 % de dhaoine 15 bliana d'aois inniúlacht íosta sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht amach (i gcomparáid le meán an Aontais atá faoi bhun 30 %), rud a léiríonn fadhbanna sistéamacha i gcáilíocht an teagaisc, agus bíonn torthaí i bhfad níos ísle ag daltaí i gceantair thuaithe ná daltaí i gceantair uirbeacha. Thairis sin, i gceantair thuaithe, níl an bunoideachas críochnaithe ach ag 66,5 % de dhaoine fásta (i gcomparáid le 94,7 % i gcathracha) agus tá oideachas treasach bainte amach ag 6,6 % díobh (i gcomparáid le 37,3 % i gcathracha). Ina theannta sin, tá rannpháirtíocht íseal daoine fásta san fhoghlaim ag cur teorainn le forbairt scileanna agus dul chun cinn gairme. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chuideofaí freisin le feabhas a chur ar cháilíocht na bpost. Cruthaíonn an t-easnamh mór bunscileanna digiteacha rioscaí don fhorbairt eacnamaíoch agus don chuimsiú sóisialta. Ní raibh foghlaim obairbhunaithe ach ag 9,1 % de rannpháirtithe gairmoideachais agus gairmoiliúna le linn a n-oiliúna le déanaí (i gcomparáid le meán an Aontais: 66,0 %). Ina theannta sin, mar thoradh ar an mí-ailíniú idir scileanna an lucht saothair agus riachtanais na bhfostóirí, lena n-áirítear easpa leanúnach céimithe ETIM, tá ganntanas scileanna ann, go háirithe in earnálacha atá ábhartha don aistriú glas, agus is srian suntasach é sin do ghnólachtaí. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ba le leas na Rómáine é bearnaí struchtúracha oideachais a dhúnadh agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chosaint agus as an úsáid is fearr a bhaint as na sonraí atá ar fáil maidir le riachtanais agus forbairt scileanna.

(33) Tá feabhas ag teacht i gcónaí ar dhálaí sóisialta, ach tá ceann de na rioscaí is airde bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas fós ag an Rómáin, agus tá bochtaineacht agus eisiamh sóisialta leanaí an-ard (32,4 % vs AE: 24,3 % in 2025). Tá rioscaí méadaithe roimh ghrúpaí leochaileacha, amhail Romaigh, daoine faoi mhíchumas, pobail ar bheagán oideachais, agus daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta teoranta (21,7 % vs AE: 33,3 % in 2025), agus tá an caiteachas ar chosaint shóisialta fós ar cheann de na caiteachais is ísle san Aontas. Tá fáil mhíchothrom fós ar sheirbhísí sóisialta, sláinte agus oideachais, agus tá deacrachtaí ag ceantair thuaithe agus ag pobail imeallaithe, amhail Romaigh, rochtain a fháil orthu. Gan comhordú níos fearr idir an leibhéal lárnach agus an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear maidir le bailiú agus malartú sonraí, tá fianaise theoranta fós ann chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais tithíochta sóisialta agus ar oiriúnacht an stoic tithíochta sóisialta. Bhí an bhásmhaireacht inchoiscthe agus inchóireáilte fós an-ard, agus cuireann cúram príomhúil easnamhach, a bhfuil easpa foirne ar cheann de na heasnaimh atá air, cuireann sé a thuilleadh le húsáid inseachanta ospidéil nach bhfuil costéifeachtach agus a chuireann teorainn le deiseanna luath-idirghabhála. Níl infhaighteacht cúraim fhadtéarmaigh agus seirbhísí sóisialta leordhóthanach go fóill, go háirithe i gcás cúram baile agus seirbhísí neamhchónaithe pobalbhunaithe le haghaidh maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas, rud a chuireann moill ar an bpróiseas dí-institiúidithe. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir leis an anailís tíre dara céim arna déanamh ag seirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta[20]. Ba le leas na Rómáine é feabhas a chur ar chumhdach agus leordhóthanacht an chórais cosanta sóisialta, do dhaoine féinfhostaithe freisin, lena n-áirítear feirmeoirí, chomh maith le comhordú níos láidre ar fud leibhéil an rialtais agus infheistíochtaí breise i seirbhísí inrochtana chun an bhochtaineacht a laghdú agus chun cuimsiú sóisialta a chothú. A bhuí le bearta reachtacha a rinneadh le déanaí, neartaíodh sásraí cosanta ioncaim d'fhostaithe a mbíonn tionchar ag dócmhainneacht fostóirí orthu.

(34) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí iomarcacha a bheith ann, cuirtear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 san áireamh i moltaí (1), (2) agus (3). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le heasnaimh mhóra sheachtracha agus fhioscacha. Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moltaí (2 agus 3) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann leis an iomaíochas.

---

20 SWD(2026)122 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2026.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Rómáin in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 8 Iúil 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. Tuilleadh gníomhaíochtaí cinntitheacha a dhéanamh chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a chosaint, lena n-áirítear trí na hathchóirithe ginearálta agus speisialta ar phinsin a chur chun feidhme go hiomlán, athchóiriú ar phá na hearnála poiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme, arb athchóiriú é lena gcabhrófaí le comhdhlúthú fioscach agus le cothroime níos fearr, agus nósanna imeachta buiséadacha a neartú chun rialú níos fearr ar infheistíochtaí poiblí a áirithiú. An bailiú cánach foriomlán a mhéadú mar sciar de OTI, trí dhíriú ar na bearnaí CBL agus CIC a dhúnadh.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Iomaíochas a chothú agus éagothromaíochtaí críochacha a laghdú trí infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn, lena n-áirítear sa taighde agus sa nuálaíocht, agus infheistíocht phoiblí fhadtéarmach iontaofa sa taighde agus san fhorbairt a áirithiú. Feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtacht an riaracháin phoiblí ar gach leibhéal rialtais agus ar fud gach leibhéil rialtais, ar dhigiteáil na seirbhísí poiblí agus ar intuarthacht agus cáilíocht na cinnteoireachta, trí chomhairliúcháin iomchuí le páirtithe leasmhara, trí mheasúnuithe tionchair éifeachtacha agus trí nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe. Cur chun feidhme an chreata rialachais chorparáidigh d'fhiontair faoi úinéireacht stáit a neartú, agus éifeachtúlacht eacnamaíoch agus cuíchóiriú na hearnála a chur chun cinn an tráth céanna. A áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí poiblí aibí go tráthúil, lena n-áirítear trí nósanna imeachta éifeachtacha soláthair phoiblí. Infheistíochtaí i mbonneagar comhshaoil agus in iompar inbhuanaithe agus sábháilte a éascú, lena n-áirítear nascacht na gceantar iargúlta agus tuaithe agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú.

4. An earnáil fuinnimh a dhícharbónú a thuilleadh trí bhorradh a chur faoi sholúbthacht agus acmhainneacht eangaí an chórais leictreachais, trí dhlús a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh, chomh maith le hidirnaisc trasteorann agus trádáil leictreachais a mhéadú. Sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú agus giniúint téimh ceantair agus an bonneagar gaolmhar a uasghrádú chun caighdeáin ardéifeachtúlachta a chomhlíonadh, mar aon le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise in earnáil an téimh.

5. Rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair a neartú trí fheabhas a chur ar éifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair, ar inrochtaineacht na n-ionad oibre agus ar an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige. Dul i ngleic le ganntanais scileanna trí luathfhágáil na scoile a laghdú, borradh a chur faoi bhunscileanna agus scileanna atá ábhartha do mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear trí fhoghlaim aosach leanúnach, éifeachtacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú, chomh maith leis an úsáid is fearr a bhaint as faisnéis scileanna i mbeartais oideachais agus scileanna, go háirithe i gceantair thuaithe.

6. Rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú trí chosaint shóisialta a leathnú agus a héifeachtacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí rochtain níos fearr ar sheirbhísí ardcháilíochta, díriú ar chúram sláinte príomhúil agus coisctheach, cúram fadtéarmach, seirbhísí sóisialta, oideachais agus fostaíochta, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus inbhuanaitheacht fhioscach a choinneáil ar bun an tráth céanna.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*